II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1429 ÓN gCOIMISIÚN

**an 31 Bealtaine 2021**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraí maidir le feithiclí nua tromshaothair a bhfuil faireachán agus tuairisciú le déanamh ag na Ballstáit orthu**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí nua tromshaothair agus ar ídiú breosla na bhfeithiclí sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun gur féidir anailís chríochnúil a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/956, tá gá le sonraí lenar féidir feithiclí tromshaothair atá cláraithe mar“fheithiclí sainchuspóireacha” a aithint mar a shainítear i bpointe 2.2 de Chuid A d’Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus chun meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra a chinneadh chun críocha Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Cláraítear sonraí den sórt sin i mír 51 de dheimhniú comhréireachta feithicle nuachláraithe tromshaothair. Dá bhrí sin, is gá coigeartú a dhéanamh ar na riachtanais sonraí a shonraítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/956 maidir le sonraí a bhfuil faireachán agus tuairisciú le déanamh ag na Ballstáit orthu.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2018/956 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2018/956**

I gCuid A d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/956, cuirtear isteach an pointe (o) seo a leanas:

“(o) maidir le feithiclí sainchuspóireacha arna gclárú go dtí an 30 Meitheamh 2021, agus maidir le feithiclí sainchuspóireacha arna gclárú ón 1 Iúil 2021, i ngach cás, a n-ainmniú mar a shainítear i mír 51 den deimhniú comhréireachta.”.

([1]) IO L 173, 9.7.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d’fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202).

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN